



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Iúil 2015
(OR. en)

11053/15

ASIE 42
COASI 103
CFSP/PESC 424
CIVCOM 147
COHOM 83
JAI 579
COPS 240

NÓTA

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin

Ag an gcrúinniú a bhí aici an 20 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin

1. Tacaíonn an Chomhairle leis an gcéad tuarascáil bhliantúil maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh (AE) don Afganastáin don tréimhse 2014-2016. Is mór ag an Aontas na hiarrachtaí a rinne Ionadaí Speisialta an Aontais (ISAE) san Afganastáin chun an straitéis a chur chun feidhme agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas leanúnach do sprioc na straitéise, is é sin institiúidí na hAfganastáine a fhorbairt d'fhonn an athléimneacht is gá a chur ar fáil chun go gcosnófar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus chun ardán a thabhairt óna dtiocfaidh stát Afganastánach le bheith níos éifeachtaí agus níos inmharthanaí ar an iomlán. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ar an gComhaontú Comhair maidir le Comhpháirtíocht agus Forbairt, na réimsí leathana a shainítear ann don chomhar agus an creat a chuirtear ar fáil don rannpháirtíocht fhadtéarmach leis an Afganastáin.
2. Is díol sásaimh don Aontas an caidreamh comhbheartaithe atá á chothú ag ceannasaíocht na hAfganastáine le tíortha sa réigiún d'fhonn comhar a mhéadú chun cabhrú le próiseas síochána a bheadh faoi stiúir agus faoi úinéireacht na nAfganastánach a bhunú, próiseas a bheadh ina bhunús don tsíocháin agus don tseasmhacht san Afganastáin agus sa réigiún araon. Iarrann an tAontas ar thíortha uile an réigiúin tacú le réiteach cuimsitheach i gcoinne an fhoréigin is cúis go fóill le fulaingt do go leor Afganastánach, agus nach mbeadh aon bhaint aige leis an sceimhlitheoireacht nó le grúpaí sceimhlitheoireachta agus lena n-urramófar cearta an duine, go háirithe cearta na mban agus na leanaí. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad Idirphlé maidir le Cearta an Duine a bhí ann idir an tAontas Eorpach agus an Afganastáin an 15 Meitheamh 2015. Tá sé rí-thábhachtach go n-urramófar cearta na mban go huile agus go hiomlán agus go n-áiritheofar ionadaíocht agus rannpháirtíocht na mban i ngach próiseas polaitiúil, go háirithe sa phróiseas síochána. Is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta an 30 Meitheamh chun Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme. Tabharfaidh an tAontas Eorpach tacaíocht airgeadais agus taidhleoireachta don rialtas agus don tsochaí shibhialta chun an plean a chur chun feidhme.

3. Tá cumas Fhórsaí Cosanta agus Slándála Náisiúnta na hAfganastáine (FCSNA) ríthábhachtach chun srian a chur ar an gceannairce agus chun bunsraith a leagan síos don tslándáil. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí chun cabhrú le gairmiúlú na bpóilíneachta sibhialtacha, i ndlúthchomhar le h-údaráis na hAfganastáine agus leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Leis an gcúnamh sin, cuirfear leis an méid a tháinig as misean póilíneachta an Aontais san Afganastáin (EUPOL), misean ar cuireadh síneadh leis go dtí deireadh na bliana 2016, agus cuirfear freisin leis na gníomhaíochtaí agus leis an tacaíocht shuntasach airgeadais atá curtha ar fáil ag an Aontas agus ag na Ballstáit.
4. Cáineann an tAontas na grúpaí ceannairce atá fós i mbun ionsaithe díreacha i gcoinne na sibhialtach Afganastánach, na n-institiúidí daonlathacha agus na sochaí sibhialta, agus líon as cuimse daoine gorthaithe acu. Tá sé ríthábhachtach go gceadófar do na gníomhaireachtaí agus na hoibrithe cabhrach daonnúla rochtain gan bhac a bheith acu ar na daoine sin is mó atá thíos leis an gcoimhlint, i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha an daonnúlachais. Tá sé an-tábhachtach go leanfadh na Náisiúin Aontaithe de bheith i láthair go láidir ar fud na tíre.
5. Cúis imní is ea an méadú atá tagtha ar an sreabhadh imirce ón Afganastáin. Spreagann an tAontas an Rialtas Náisiúnta Aontachta (RNA) chun bearta níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm d'fhonn na sreafaí sin a bhainistiú agus d'fhonn cabhrú le hathligeran isteach na n-imirceach neamhrialtá. Le cúnamh airgeadais ón Aontas leanfar d'aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, amhail an bhochtaineacht agus an éagobhsaíocht, ionas go n-ísleofar na dreasaigh don imirce neamhdhleathach agus chun troid i gcoinne na ngréasán smuigleála. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, féachaint an bhféadfaí dul i mbun idirphlé cuimsitheach maidir le saincheisteanna imirce, i gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce.
6. Creideann an tAontas go mbeadh buntáistí ann do thíortha uile an réigiúin, dá ndéanfaí a thuilleadh comhair réigiúnaigh i réimse na heacnamaíochta, go háirithe trádáil agus bonneagar a fhorbairt laistigh den réigiún, é sin agus creataí comhaontaithe chun na comhacmhainní nádúrtha a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach féachaint an bhféadfadh maoiniú BEI san Afganastáin bheith inghlactha faoi ráthaíocht an Aontais, go háirithe chun cur le rathúnas agus nascacht an réigiúin i bhfianaise na ndeiseanna breise don chomhoibriú réigiúnach. Dá mb'fhearr an comhar eacnamaíoch, ní hamháin go gcuirfí leis an rathúnas, ach bheadh sé mar bhonn tábhachtach don chobhsaíocht freisin. Tacaíonn an tAontas ar bhealach gníomhach leis an bpróiseas 'Croí na hÁise' agus le Comhdháil an Chomhair Réigiúnaigh Eacnamaíoch maidir leis an Afganastáin (CCREA), agus spreagann sé gach páirtí oibriú chun torthaí nithiúla a bhaint ó na cruinnithe Aireachta a bheidh in Islamabad agus i gCabúl níos déanaí i mbliana.

7. Tacaíonn an tAontas go láidir leis an bhfís do thodhchaí na hAfganastáine a leag an tUachtarán Ghani agus an Príomhfheidhmeannach Abdullah amach sa pháipéar 'Neamhspleáchas a Fhíorú' a cuireadh i láthair ag Comhdháil Londain i mí na Nollag 2014. Tá sé práinneach anois go ndéanfaidh an Rialtas Náisiúnta Aontachta (RNA) gníomhaíochtaí nithiúla láithreach chun na gealltanais athchóirithe a rinneadh do mhuintir na hAfganastáine a thabhairt i gcrích. Gríosáíonn an tAontas an Rialtas Náisiúnta Aontachta chun bunús a chur leis an bhfís atá acu trí bhíthin plean cur chun feidhme a mbeadh tosaíochtaí leagtha amach ann, lena n-áirítear bearta chun an méid a leanas a dhéanamh: athchóiriú toghchánach a chur chun cinn: dul i ngleic leis an gcaimiléireacht agus le bagairtí na ndrugaí agus na coireachta eagraithe; an fás eacnamaíoch a athbheochan agus forbairt na hearnála príobháidí a spreagadh; infheistíocht a mhealladh agus ioncam a ghiniúint; a áirithiú go gcomhoibreodh gach comhpháirt den chóras ceartais foirmiúil lena chéile ar bhealach éifeachtach chun gur fearr a chloífi leis an smacht reachta; agus cearta an duine a chothú, go háirithe cearta na mban agus na leanaí. Ba cheart freisin go mbeadh rian an phlean sin le braistint i leagan nua, straitéiseach den Chreat Comhfhreagracht Tóiceo, lena mbeadh dreasacht níos láidre ann i ndáil le cur chun feidhme na n-athchóirithe, faoina leanfadh an comhphobal idirnáisiúnta de leibhéal eisceachtúla tacaíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear níos mó ná EUR 1.25 billiún ón Aontas agus na Ballstáit in 2015.

An Afganastáin – Athbhreithniú ar Straitéis an Aontais don Afganastáin 2014-2016

Réamhrá

Ó ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha (CGE) Straitéis an Aontais i mí an Mheithimh 2014, thug Rialtas na hAfganastáine faoi dhul i ngleic leis an réimse de dhúshláin pholaitiúla, eacnamaíocha agus slándála atá ann le fada agus is comhpháirtí de chuid an phobail idirnáisiúnta í an tír anois agus í tiomanta don athchóiriú.

Ní dhearnadh an leibhéal céanna dul chun cinn i ngach gné de chuspóirí straitéis an Aontais don Afganastáin a bhaint amach. Chonacthas aistriú daonlathach cumhachta san Afganastáin den chéad uair riamh i stair na tíre. Ach bhí próiseas fada ann chun toradh inghlactha ar an toghchán uachtaránachta a bhaint amach agus ní raibh an deis ann, dá bharr, díriú chomh mór sin ar dhul chun cinn breise a dhéanamh i leith chuspóirí na straitéise. Bunaíodh an Rialtas Náisiúnta Aontachta (RNA) i mí Mheán Fómhair 2014 agus ba chéim chriticiúil é sin maidir le comhpháirtí a chur ar fáil don Chomhphobal Idirnáisiúnta a bheadh tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar réimse de dhúshláin pholaitiúla, eacnamaíocha agus slándála atá ann le fada. Rinne an tUachtarán Ghani an fis 'An Féintuilleamaí a Bhaint Amach' a leagan amach ag an gcomhdháil i Londain i mí na Nollag 2014 agus cuirtear clár cuimsitheach don athchóiriú ar fáil léi chun go dtabharfaidh RNA aghaidh ar chuid mhaith de spriocanna agus de chuspóirí straitéis an Aontais. Déanfaidh RNA bunús a thabhairt leis an gclár don athchóiriú roimh Chruinniú na nOifigeach Sinsearach atá beartaithe a chur ar siúl i gCabúl níos faide anonn i mbliana, agus ba cheart don bhunús sin a bheith mar bhonn do thacaíocht idirnáisiúnta comhordaithe chun stát Afganastánach a fhorbairt a bheidh níos éifeachtaí, inbhuanaithe sa deireadh.

An Comhthéacs

Le hinsealbhú an Rialtais Náisiúnta Aontachta (RNA) i mí Mheán Fómhair 2014, chonacthas an chéad aistriú daonlathach cumhachta riamh i stair na hAfganastáine. Bunaíodh RNA tar éis próiseas deacair, polaitiúil ina ndearnadh réimse leathan leasanna polaitíochta, eitneacha agus treibheacha a chumasc. Thacaigh an tAontas agus na Ballstáit leis na toghcháin agus leis an mbreathnóireacht ar an iniúchóireacht a rinneadh ar thorthaí an toghcháin.

Thóg sé tamall fada chun toradh inghlactha ar na toghcháin uachtaránachta a chaibidliú agus, ó thaobh na polaitíochta de, ba ghá díriú go géar ar an bpróiseas sin agus a lán fuinnimh a úsáid. Mar thoradh ar na moilleanna maidir le feidhmeannas nua a chur ar bun agus maidir leis na dúshláin maidir le Comh-aireacht Airí iomlán a bheith ann, bhí easpa rialachais agus ceannaireachta polaitiúla ann ar feadh cuid mhaith den tréimhse. Ó thaobh an gheilleagair de, ba mheasa fós a bhí an mharbhántacht eacnamaíoch, an meath ar ioncaim agus an ghéarchéim bhuiséadach dá bharr. Is gá céimeanna suntasacha a thabhairt fós chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus faoi ioncaim. Níl an chuma air fós go mbeidh mórán fáis ann in 2015 agus, le hioncaim laghdaithe, tá riosca ard fós ann go mbeidh géarchéimeanna eile buiséid ann. In ainneoin iarrachtaí na hAfganastáine agus iarrachtaí idirnáisiúnta a rinneadh go dtí seo, tá méadú tagtha ar tháirgeadh óipiam. Is casta atá an staid slándála i limistéir thuaithe dá bharr, agus tá naisc níos mó ann idir coirpigh drugaí, ceannairí cogaidh agus ceannaircigh. Maidir le cúrsaí slándála, bhí Fórsaí Cosanta agus Slándála Náisiúnta na hAfganastáine (FCSNA) in ann déileáil leis an aistriú, ach bhí dúshláin thromchúiseacha rompu tar éis Fhórsa an Chúnaimh Slándála Idirnáisiúnta (FCSI) a laghdú agus iad fós ag streachailt leo chun straitéis slándála níos inbhuanaithe a fhorbairt. Idir an dá linn, mar thoradh ar thrúpaí comhraic idirnáisiúnta a tharraingt siar, is mó anois atá grúpaí ceannairceach ag spriocdhíriú ar shibhialtaigh san Afganastáin. Ba mhó ná riamh é an líon sibhialtach a bhí mar thaismigh in 2014 dá bharr. Dhearbhaigh an tUachtarán Ghani agus an Príomhfheidhmeannach Abdullah gur príomhthosaíocht iad an tsíocháin agus an tslándáil agus rinne siad deimhin de gur síníodh an Comhaontú Slándála Déthaobhach idir na Stáit Aontaithe agus an Afganastáin agus Comhaontú ECAT maidir le Stádas na bhFórsaí, agus beidh Misean na Tacaíochta Dionsbháilte, a bhfuil ECAT mar cheannaire air, in ann leanúint ar aghaidh i ndiaidh mhisean míleata FCSI mar atá beartaithe. Rinne RNA iarracht tús a chur le próiseas síochána agus athmhuintearais tríd an gcaidreamh leis an bPacastáin a fheabhsú, trí chainteanna síochána a chur ar bun leis an Talaban, agus trí thacaíocht comhpháirtithe réigiúnacha a áirithiú. Le for-rochtain réigiúnach an Uachtaráin Ghani, tá sé mar aidhm gníomhaithe réigiúnacha a spreagadh chun breathnú arís ar an gcaidreamh leis an Afganastáin agus beocht a chur an athuair sa trádáil agus sa chomhar maidir le bainistiú acmhainní.

Le bunú RNA, tá comhpháirtí ag an bpobal idirnáisiúnta anois atá tiomanta don athchóiriú. Rinne RNA an fhís atá aige maidir le Féin-Tuilleamaíocht a Bhaint Amach a chur i láthair ag an gComhdháil a tionóladh i Londain i mí na Nollag 2014, lena n-áirítear céimeanna chun feabhas a chur ar an tslándáil agus ar an gcobhsaíocht pholaitiúil, chun dul i ngleic leis an éilliú, chun feabhas a chur ar an rialachas, chun an inbhuanaitheacht bhuiséadach a athbhunú, agus chun an fás a chur chun cinn. Agus Comh-Aireacht na hAfganastáine comhaontaithe agus curtha ar bun, is gá díriú anois ar na hathchóirithe agus ar na hathruithe a gealladh do shaoránaigh na hAfganastáine a chur chun feidhme. Tá fabhraíocht mhaith faoi na hionchais maidir le dul chun cinn i ndáil le cuspóirí straitéis an Aontais Eorpaigh sa bhliain atá romhainn amach.

Rinne RNA agus an comhphobal idirnáisiúnta athnuachan i Londain ar a dtiomantas do Chreat Thóiceo um Chuntasacht Fhrithpháirteach (TMAF) agus d'aontaigh siad é a athnuachan arís ag Cruinniú na nOifigeach Sinsearach atá le bheith ar siúl i gCabúl (Meán Fómhair 2015). Tá an tAontas agus na Ballstáit réidh chun tacú le cur chun feidhme chlár oibre an rialtais agus é a dhreasú.

Chuir rialtas nua na hAfganastáine beocht arís sa chaibidlíocht chun an Comhaontú Comhair maidir le Comhpháirtíocht agus Forbairt (CAPD) a thabhairt chun críche leis an Aontas, lena gcuirfear an creat dlíthiúil ar fáil do rannpháirtíocht fhadtéarmach an Aontais.

(a) Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn

Cuspóir: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn, trí phróiseas cuimsitheach síochána a mholadh, trí bhagairtí ó dhrugaí, ó gháinneáil agus ó choireacht eagraithe a laghdú, trí dhul i ngleic le himirce neamhdhleathach agus trí thacú le seirbhís póilíneachta sibhialtaí a bheadh gairmiúil agus cuntasach a fhorbairt

Tá an Talaban fós ag diúltú do pháirt a ghlacadh i gcainteanna síochána agus tá ceannairc ard-déine ar bun acu i gcónaí. D'fhéadfadh sé go n-éireodh le Rialtas na hAfganastáine teagmháil a chothú leis an Talaban ar leibhéal éigin sa bhliain atá romhainn. Ach ní dócha go mbeidh réiteach polaitiúil ann in 2015. Mar thoradh ar an gceannairc, tá an chuma air go mbeidh brú ar neart agus ar dhiongbháilteacht Fhórsaí Cosanta agus Slándála Náisiúnta na hAfganastáine (FCSNA) agus é mar aidhm go mbeidh gearáil níos mó acu in aon chainteanna síochána a bheadh ann. Is cosúil go mbeidh ilroinnt bhreise, níos doimhne laistigh den Talaban féin. Mura nglacfaidh an Talaban páirt i gcainteanna síochána, d'féadfadh sé go ndéanfaidh grúpaí ceannairce eile, lena n-áirítear an Stát Ioslamach, mar a thugtar air, an folús a líonadh.

Rinne RNA iarracht tús a chur le próiseas síochána agus athmhuintearais tríd an gcaidreamh leis an bPacastáin a fheabhsú, trí chainteanna síochána a chur ar bun leis an Talaban, agus trí thacaíocht comhpháirtithe réigiúnacha a áirithiú.

Le for-rochtain réigiúnach an Uachtaráin Ghani, tá sé mar aidhm gníomhaithe réigiúnacha a spreagadh chun breathnú arís ar an gcaidreamh leis an Afganastáin agus mhol sé go rachfaí i mbun comhar méadaithe eacnamaíoch. Aithníonn gníomhaithe réigiúnacha go bhfuil gá le nascacht réigiúnach feabhsaithe agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí dul chun cinn ceart a dhéanamh le linn na bliana atá romhainn amach maidir le tionscadail mhórsála, réigiúnacha bhonneagair/fuinnimh agus comhaontuithe trádála/idirthurais, go háirithe iad sin a bhféadfadh tionchar a bheith acu, freisin, ar an staid iomlán straitéiseach san Afganastáin.

D'éirigh go maith ar an iomlán le FCSNA le linn na dtoghchán agus le linn thréimhse an aistrithe slándála. Mar thoradh ar an easpa ceannaireachta polaitiúla, áfach, níl aon dul chun cinn á dhéanamh sna hiarrachtaí de chuid FCSNA maidir le hathchóiriú. Tá tús áite tugtha ag RNA don athchóiriú aireachta, don chuntasacht agus don inbhuanaitheacht, lena n-áirítear cur chuige neartaithe maidir leis an bpóilíneacht shibhialta agus comhar leis an gcóras ceartais. D'fhéadfadh sé a bheith casta athchóiriú inbhuanaithe a bhaint amach toisc go bhfuil gá leanúnach ann an cheannairc a chomhrac. D'aithin RNA an droch-thionchar ar an tslándáil agus an fhorbairt atá ag teacht ar líonraí coiriúla agus iad á spreagadh ag támhshuanaigh agus ag foinsí eile ioncaim aindleathaigh. Ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta ar an iomlán maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe agus tháinig méadú mór ar tháirgeadh óipiam in 2014.

In ainneoin na hinfheistíochta suntasaí a rinneadh chun tacú le teifigh fillte ón Iaráin agus ón bPacastáin a athlonnú agus a lánpháirtiú an athuir, rinneadh níos lú ná 17,000 teifeach de chuid na hAfganastáine a aisduichiú, dá ndeoin féin, in 2014, i.e. os cionn níos mó ná 50 % níos lú ná in 2013, mar thoradh go príomha ar an staid fhoriomlán neamhfhabhrach pholaitiúil agus eacnamaíoch. Tar éis méadú ar líon na nAfganastánach a gabhadh, a coinneáladh agus a dishealbhaíodh sa Phacastáin tar éis an ionsaithe a rinneadh i scoil in Peshawar ag deireadh na bliana 2014, rinneadh 13,045 dídeanaí Afganastánach cláraithe a aisduichiú, dá ndeoin féin, d'fhill os cionn 50,000 Afganastánach neamhchláraithe ar ais, agus cuireadh tuairim is 4,500 Afganastánach ar ais i míonna tosaigh 2015. Is ábhar imní é gur in éag, i mí na Nollag 2015, a rachaidh cead sealadach na fanachta dlíthiúla do 1.2 milliún dídeanaí sa Phacastáin agus méadú ag teacht ar bhrú an aisduichithe. Tá plean maidir le filleadh dídeanaithe de réir a chéile, ar filleadh ón bPacastáin atá i gceist, faoi chaibidil faoi láthair. Tá Rialtas na hAfganastáine i dteagmháil leis an Iaráin freisin maidir le dídeanaithe Afganastánacha a bheith ag filleadh ar deireadh.

Tá idirphlé polaitiúil ar siúl idir an tAontas agus na Ballstáit le hidirghabhálaithe Afganastánacha agus le comhpháirtithe réigiúnacha chun **próiseas síochána agus athmhuintearais a chur chun cinn, faoi stiúir agus faoi úinéireacht na nAfganastánach, a mbeidh socrú polaitiúil mar thoradh air, ina dtugann gach páirtí droim láimhe don fhoréigean, lena séanann siad aon bhaint a bhí acu leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, agus lena gcloítear le cearta an duine, go háirithe cearta na mban.** Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leis an ról atá ag UNAMA agus leis na hiarrachtaí atá ar bun aige ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas. Tá an tAontas agus na Ballstáit i gcónaí ag obair i gcomhar le rialtas na hAfganastáine, leis an Ardchomhairle Síochána, leis an tsochaí shibhialta agus le grúpaí eile chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le próiseas cuimsitheach síochána agus athmhuintearais. Dhearbhaigh an tAontas go bhfuil sé réidh chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do ghníomhaíochtaí d'fhonn cumas na mban a fhorbairt chun páirt a ghlacadh sa phróiseas síochána a luaithe a sheolfar an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta i ndáil le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, le síocháin agus le slándáil.

Déanann an tAontas agus na Ballstáit caipiteal suntasach polaitiúil a infheistiú agus iad i mbun idirghníomhaíochtaí leis na tíortha máguaird ar fad, trí na fóraim réigiúnacha agus na hidirghníomhaíochtaí déthaobhacha atá ann cheana, chun tacú le **comhar polaitiúil agus eacnamaíoch idir an Afganastáin agus a cuid comharsan, ag tacú le tionscnaimh comhair a threisiúnn a chéile le tíortha comharsanachta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.** Leanann an tAontas agus na Ballstáit orthu de mholadh do na tíortha comharsanacha caipiteal polaitiúil agus eacnamaíoch a infheistiú sa chomhar réigiúnach. Tá an tAontas agus na Ballstáit rannpháirteach ar bhealach gníomhach i bpróiseas Chroílár na hÁise (Iostanbúl), a raibh sé mar aidhm leis, ón tús, comhar réigiúnach atá dírithe ar an Afganastáin, a chur chun cinn. Ghlac an tAontas agus na Ballstáit páirt i gcrúinniú na nAirí a d'eagraigh an tSín, i mí na Deireadh Fómhair 2014. Tá an tAontas agus na Ballstáit ag tacú go gníomhach le roinnt mhaith beart tógála muiníne (bainistiú tubaistí, an comhrac i gcoinne drugaí, deiseanna trádála, tráchtála agus infheistíochta) mar mhodh chun borradh a chur faoin bhforbairt eacnamaíoch agus faoin tsíocháin agus faoin gcobhsaíocht sa réigiún. Cuireann an tAontas lena tiomantas don chomhar réigiúnach, trí thacaíocht d'fhothú acmhainní san Aireacht Gnóthaí Eachtracha chun próiseas Chroí na hÁise, mar aon le próisis eile comhair/lánpháirtithe réigiúnaigh, a stiúradh agus a chomhordú. Le linn Chomhdháil Londan i mí na Nollag 2014, d'eagraigh an Ríocht Aontaithe plé ardleibhéil le tíortha réigiúnacha maidir le comhar eacnamaíoch réigiúnach a chothú.

Tugadh cuidiú le gníomhaíochtaí tacaíochta an Aontais agus na mBallstát don dul chun cinn maidir le comhar réigiúnach fuinnimh, mar shampla maidir le CASA 1000 agus le píblíne gáis na Tuircméanastáine-na hAfganastáine-na Pacastáine-na hIndia (TAPI). Thacaigh an Banc Eorpach Infheistiúcháin (BEI) freisin le forbairt CASA 1000 (Cuid Phoblacht na Cirgise agus na Táidsíceastáine). Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit orthu de na rudaí seo a leanas a mholadh: comhaontuithe idirthurais trádála, amhail comhaontú idirthurais/trádála na hAfganastáine-na Pacastáine-na Táidsíceastáine (APTTA), a chur chun feidhme go hiomlán; dul chun cinn maidir leis an bpíblíne TAPI; (agus tionscadal Chalafort Chabहार san Iaráin a fhorbairt). Rinne an tAontas agus na Ballstáit infheistiú suntasach i dtacaíocht pholaitiúil agus airgeadais d'fhonn cumas an rialtais a fhorbairt chun a chuid teorainneacha a rialú agus a rialacháin chustaim a chur i bhfeidhm níos fearr. Leis an gclár do Bhainistiú Teorann an Aontais i dTuaisceart na hAfganastáine cuidítear le comhar agus le comhordú institiúideach trasteorann agus le gníomhaíochtaí oiliúna comhpháirtí agus fothaithe acmhainní le haghaidh na hAfganastáine agus a gcomharsan sa Tuaisceart. Tugann an tAontas agus a Bhallstáit tacaíocht freisin do Chomhar Eacnamaíoch Réigiúnach Lár na hÁise (CAREC) atá fós ag cur leis an nascacht réigiúnach trí na bacainní ar thrádáil a laghdú. Mhol an tAontas agus na Ballstáit freisin go dtionólfai CCERA VI (Comhdháil um Chomhar Eacnamaíoch Réigiúnach maidir leis an Afganastáin).

Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leis an straitéis le haghaidh an réitigh réigiúnaigh chun dídeanaithe na hAfganastáine a ath-lánpháirtíú, bunaithe ar phrionsabal an aisdúichithe dheonaigh agus ar phrionsabal na hinmharthanachta. Is é trí Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, den chuid is mó, a thacaítear le fillleadh deonach agus le hath-lánpháirtíú dhídeanaithe na hAfganastáine ón bPacastáin agus ón Iaráin, le haghaidh an idirphlé pholaitiúil maidir le spás dídine i dtíortha aíochta agus, ina theannta sin, d'fhonn cúnamh daonnúil agus cúnamh forbraíochta a chomhordú. Lean an tAontas de thacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí bunúsacha do na dídeanaithe is leochailí, de thacú le 3,690 teaghlach fillte agus teaghlach easáitithe ina dtír féin a athlonnú trí fhothanacha agus trí fheabhas a chur ar shlí beatha níos mó ná 30,000 duine, lena n-áirítear trí Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Rinneadh na hacmhainní náisiúnta a neartú i réimsí na cosanta agus tugadh oiliúint d'os cionn 8,000 duine in 2014. Leanann an tAontas agus na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt do lánpháirtíú inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta daoine easáitithe ina dtír féin (IDP) agus dídeanaithe fillte san Afganastáin, ach fós féin, tá an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur chun feidhme na mBeartas Náisiúnta IDP mall. Molfaidh an tAontas agus na Ballstáit go dtabharfaí faoi phlean ciallmhar céimnithe i ndáil le fillleadh na ndídeanaithe ón bPacastáin.

Chabhraigh an tAontas agus na Ballstáit le neart a chur leis an gcomhar idirnáisiúnta chun aghaidh a chur ar na fadhbanna atá ann mar gheall ar imirce neamhrialaithe agus mhídhleathach, isteach i gcomharsanacht na hAfganastáine go háirithe, agus isteach san Eoraip freisin, agus le gur fusa filleadh ar an Afganastáin agus Coinbhinsiún 1951 na Ginéive a bhaineann le Státas na nDídeanaithe á chomhlíonadh ag an am céanna. Tugann an tAontas cúnamh don Afganastáin faoi Chomhpháirtíocht Bhealaí an tSíoda maidir leis an Imirce (Próiseas Bhúdaipeist) chun cur le cumas an rialtais maidir leis an imirce a bhainistiú. Cuireadh dlús le hidirphlé beartais agus le caidreamh leis na príomhaireachtaí, lena n-áirítear an Aireacht Dídeanaithe agus Aisdúichiú, in 2014. Beartaítear leanúint d'fhothú acmhainní, mar aon le hionad faisnéise imirce a oscailt chun cosc a chur ar an imirce neamhdhleathach agus ar gháinneáil, agus beartaítear feabhas a chur, ag an am céanna, ar na sochair forbraíochta a d'fhéadfadh teacht as an tsoghluaisteacht. Tá an tAontas agus na Ballstáit ag obair i gcomhar lena chéile maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an imirce, lena n-áirítear athligean isteach.

Tá an tAontas agus na Ballstáit ag leanúint dá gcuid iarrachtaí chun **neart a chur leis na hiarrachtaí atá á stiúradh ag na hAfganastánaigh chun cur le cáilíocht agus inmhharthanacht na póilíneachta sibhialtaí, mar chuid den chóras ceartais, iarrachtaí a mbeidh smacht reachta níos leithne mar thoradh orthu**. Lean an tAontas, EUPOL agus na Ballstáit de bheith rannpháirteach — go minic agus príomhról acu— san idirphlé polaitiúil agus teicniúil chun Póilíní Náisiúnta na hAfganastáine (ANP) a fhorbairt, de réir a chéile, ina seirbhís ghairmiúil póilíneachta sibhialtaí. Cuireadh síneadh le misean EUPOL go dtí deireadh na bliana 2016. Leanfar ar aghaidh le roinnt feidhmeanna EUPOL trí oifig Ionadaí Speisialta an Aontais (ISAE) athneartaithe ó 2015, ag cur leis an méid atá bainte amach ag EUPOL i réimsí an cheartais agus i réimse an smachta reachta. Tá idirphlé ar siúl idir an tAontas agus na Ballstáit agus an rialtas chun ceannaireacht agus úinéireacht na hAfganastáine a mhéadú i ndáil le hathchóiriú na hAireachta Gnóthaí Baile, leis an bhfrith-éilliú agus leis an inbhuanaitheacht fhioscach. Trí EUPOL agus trí na hiarrachtaí déthaobhacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit, amhail Foireann Thionscadal na bPóilíní Gearmánacha (GPPT) de chuid na Gearmáine agus an Tacaíocht Straitéiseach ón Ríocht Aontaithe do thionscadal na hAireachta Gnóthaí Baile (SSMI), tá comhairle straitéiseach á soláthar i gcónaí do cheannaireacht na hAireachta Gnóthaí Baile. Déanann an tAontas agus na Ballstáit comhordú le deontóirí eile agus le rialtas na hAfganastáine tríd an gComhlacht Comhordaithe agus Maoirseachta (OCB), a bhfuil an Ghearmáin agus an Aireacht Airgeadais ina gcomhchathoirligh air faoi láthair, agus tríd an mBord Idirnáisiúnta um Chomhordú Póilíní, a mbaineann a rúnaíocht leas as saineolaithe idirnáisiúnta atá á dtabhairt ar iasacht ag na Ballstáit. Táthar ag dul ar aghaidh leis an bplé faoina bhfuil i ndán don Chiste Iontaobhais Dlí agus Ord (LOTFA), atá á riaradh ag Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), agus is é is aidhm leis sin úinéireacht na hAfganastáine ar an gclár agus ar a chuspóirí maidir le hathchóiriú a atreisiú. Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit le hathstruchtúrú LOTFA chun foráil a dhéanamh do thacaíocht níos sprioc-dhírthe agus níos clárbhunaithe d'athchóiriú na hAireachta Gnóthaí Baile, do phroifisiúnú agus do shibhialtachú, agus maoirseacht ar an mbainistiú párolla á mhéadú, chomh maith leis sin. Agus an tAontas mar aon leis na Ballstáit ag tacú le LOTFA, tá forbairt déanta aige ar chur chun feidhme Straitéis Póilíneachta Baininne na hAireachta Gnóthaí Baile, tá tacaíocht tugtha aige di agus tá sé ag tacú le Comhairlí Póilíní Baineanna i ndáil le cuimsiú agus le príomhshruthú inscne a mhéadú ar fud an chórais. Tacaíonn LOTFA freisin leis an gclár oibre maidir le hathchóiriú atá ag an rialtas nua, go sonrach maidir leis an Aireacht Gnóthaí Baile a shibhialtachú agus institiúidí na hearnála slándála a chomhtháthú le hathchóirithe an rialtais ina iomláine, lena n-áirítear bainistiú airgeadais phoiblí agus athchóiriú ar an riarachán poiblí.

In ainneoin iarrachtaí na hAfganastáine agus iarrachtaí idirnáisiúnta a rinneadh go dtí seo, tá méadú tagtha ar tháirgeadh óipiam. Is deacra atá an staid slándála i limistéir thuaithe dá bharr, agus naisc níos mó ann idir coirpigh drugaí, ceannairí cogaidh agus an lucht ceannairceach. D'áirithigh an tAontas agus na Ballstáit gur comhpháirt lárnach dá gcláir san Afganastáin é an comhrac in aghaidh na dtámhshuanach, chun go neartófar na hiarrachtaí Afganastánacha agus réigiúnacha chun an choireacht eagraithe agus táirgeadh drugaí, an gháinneáil ar dhruaí agus an t-éileamh a laghdú. Is é an aidhm atá ag an Aontas agus na Ballstáit cur chuige cuimsitheach a bheith acu i gcoinne na dtámhshuanach tríd an méid a leanas: fothú acmhainní d'fhorfheidhmiú an dlí agus do na breithiúna; bainistiú teorann; feachtas maidir leis an tsláinte phoiblí agus le torthaí a ghnóthaítear; agus slite beatha malartacha, lena ndírítear ar laghdú a dhéanamh ar spleáchas na bhfeirmeoirí marthanacha ar bharraí támhshuanacha. Cuireann an tAontas agus na Ballstát idirphlé réigiúnach feabhsaithe, comhordú trasteorann agus gníomhaíochtaí chun acmhainní a fhothú maidir le saincheistanna a bhaineann le drugaí chun cinn, trí chlár réigiúnach UNODC san Afganastáin agus sna tíortha comharsanachta i réimse fhorghníomhú an dlí, an chomhair in ábhair choiriúla, agus an andúil i measc grúpaí leochaileacha a chosc agus a chóireáil. Tá an Aireacht Frith-Thámhshuanach ag forbairt straitéise maidir leis ar an gcomhrac in aghaidh na dtámhshuanach lena mbeartaítear meicníocht chuimsitheach idir-aireachta don chomhordú. Plean an Aontais agus na mBallstát chun tacú le cur chun feidhme na straitéise.

(b) An Daonlathas a Atreisiú

Cuspóir: An daonlathas a atreisiú: tá gá le daonlathas feidhmiúil a neadú trí mhaoirseacht dhaonlathach a dhéanamh ar na leibhéil náisiúnta, leibhéil chúigeacha agus leibhéil áitiúla, trí thoghcháin chuimsitheacha agus thrédhearcacha a réachtáil agus trí acmhainní a thógáil i bpríomhinstitiúidí an rialachais;

Leis na toghcháin Uachtaránachta in 2014, chonacthas an chéad aistriú cumhachta síochánta agus daonlathach i stair na hAfganastáine agus bunaíodh Rialtas Náisiúnta Aontachta mar thoradh orthu. Sa chéad bhabhta de na toghcháin, bhí roinnt feabhsuithe suntasacha le brath le hais na dtoghchán a bhí ann roimhe sin. Léirigh an stát go raibh méadú acmhainne aige chun an chéad toghchán faoi stiúir na nAfgánach a rith, faoi imthosca an-dhúshlánacha. Leis na toghcháin, chonacthas cur chun feidhme an chreata dlí toghcháin nua a bhí i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Spreagadh rannpháirtíocht mhéadaithe na mban de bharr na gníomhaíochtaí suntasacha oideachais do vótálaithe (37 % de na vótaí a caitheadh). Leis an dara babhta, léiríodh neamhrialtachtaí suntasacha, agus ba ghá athchomhaireamh iomlán a dhéanamh ar na vótaí, faoi bhreathnóireacht an chomhphobail idirnáisiúnta. Tar éis na tréimhse fada tar éis an toghcháin, gealladh le comhaontú RNA go mbunófaí Coimisiún um Athchóiriú Toghcháin (ERC) chun athchóirithe a dhéanamh sula dtionólfai toghcháin sa todhchaí. Déanfar na toghcháin pharlaiminteacha a bhí beartaithe do mhí Aibreáin 2015 a chur siar go dtí 2016. Tá ERC fós le seoladh go hoifigiúil agus fós le tús a chur lena chuid oibre.

Lean Parlaimint na hAfganastáine lena feidhmeanna a chomhdhlúthú chun an rialtas a choimeád cuntasach. Ghlac an Pharlaimint plean athchóirithe. Áirítear ann na gníomhaíochtaí a bhfuil mar aidhm acu cumas cheannaireacht na Parlaiminte a mhéadú chun tabhairt faoi athchóirithe. Rith an Parlaimint an Gníomh maidir leis an tSeirbhís Pharlaiminteach chun Seirbhís Pharlaiminteach a bhunú, rud atá ina chéim i dtreo feabhas a chur ar a neamhspleáchas.

Agus formhór an daonra san Afganastáin ina chónaí i limistéir thuaithe, d'aithin RNA seachadadh seirbhísí agus feabhas a chur ar rialachas fo-náisiúnta mar thosaíochtaí. Mar sin féin, [ceapacháin rialtóirí,] an riaráiste san athchóiriú, dul i ngleic leis an éilliú, rialachas níos fearr, agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí sna cúigí, ní mór aghaidh a thabhairt orthu i gcónaí. Mar thoradh ar na toghcháin chúigeacha in 2014, bhí gníomhaíochtaí brústocaireachta níos bríomhaire ar son níos mó freagrachtaí faireachais do na Comhairlí Cúigeacha as rialtais áitiúla.

Thacaigh an tAontas agus na Ballstáit leis na toghcháin uachtaránachta agus chúigeacha, ar bhonn polaitiúil agus ar bhonn airgeadais, agus iad ag díriú ar **ailtireacht thoghchánach agus nósanna imeachta láidre toghchánacha a chur chun feidhme**. Tacaíocht trí UNDP dírithe ar chumas institiúideach, teicniúil agus oibríochtúil institiúidí toghchánacha na hAfganastáine a neartú ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal fo-náisiúnta araon. Suas le 410 breathnóir a bhí ar Fhoireann Measúnaithe Toghcháin an Aontais (FMT), lena n-áirítear roinnt rannpháirtithe ó Ambasadí Bhallstáit an Aontais i gCabúl. Ghlac FMT páirt sa bhreathnú ar an iniúchóireacht gan fasach a rinneadh ar thorthaí ath-rith an toghcháin uachtaránachta. Le measúnú foriomlán FMT, tugadh faoi deara dul chun cinn i dtéarmaí riarachán toghcháin, ach cuireadh béim freisin ar na heasnamh maidir le sláine agus trédhearcacht a chuir isteach ar inchreidteacht an phróisis toghchánaigh. Díriodh sna moltaí sa tuarascáil deiridh ó FMT ar fheabhas a chur ar an gcóras toghchánach roimh na toghcháin pharlaiminteacha. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit lena n-úsáid le linn an idirphlé pholaitiúil agus tacaíocht airgeadais á pleanáil lena n-áirítear tionscadail a thacaíonn leis an daonlathas agus cearta an duine a bhaint amach. Thacaigh an tAontas agus na Ballstáit freisin le himscaradh breathnóirí toghcháin náisiúnta agus le forbairt chumas breathnóireachta náisiúnta na dtoghchán. Leanann an tAontas le tacaíocht a thabhairt do threoirthionscadal i gCabúl maidir le cártaí aitheantais náisiúnta (e-tazkira) leictreonacha a úsáid. Cabhróidh an méid sin chun aon chur i bhfeidhm náisiúnta a threorú. Leis an treoirthionscadal, cláraíodh 100,000 duine i gCabúl go n-uige seo.

Plean an Aontais agus na mBallstát tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais a thabhairt do na toghcháin pharlaiminteacha – ar an gcoinníoll go ndéanfar bearta iomchuí chun feabhas a chur ar cháilíocht an chéad toghcháin eile – arb é an cuspóir atá leis **toghcháin pharlaiminteacha inchreidte a bhaint amach sa bhliain 2016, le torthaí a nglacfaidh Afganastánaigh go forleathan leo**. Roimh na chéad toghcháin eile, ní mór aghaidh cheart a thabhairt ar an gceist maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras toghchánach na hAfganastáine. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de bheith ag oibriú chun feabhas a chur ar shláine an chórais toghchánaigh chun creidiúnacht na gcomhlachtaí bainistithe toghcháin a athbhunú. Thairg an tAontas tacaíocht don Choimisiún um Athchóiriú Toghcháin. Ag breathnú ar aghaidh chuig na toghcháin pharlaiminteacha agus na toghcháin chomhairle cheantair, ghlac deontóirí páirt ghníomhach sa phlé téamach maidir le roghanna i ndáil le clárú na vótálaithe, sláine agus inbhuanaitheacht airgeadais, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó toghcháin 2014. Ionadaíocht agus rannpháirtíocht na mban a chothú sna toghcháin pharlaiminteacha, beidh sé sin ina thosaíocht don Aontas agus do na Ballstáit. Leanfaidh an tAontas agus na mBallstát de thacaíocht a thabhairt do chur chuige íogair ó thaobh inscne de i ndáil le nósanna imeachta toghcháin agus go háirithe do fhor-rochtain phoiblí chun rannpháirtíocht níos fearr na mban a bhaint amach.

Tá an tAontas agus na Ballstáit ag tacú le forbairt institiúideach agus forbairt acmhainne na Parlaiminte trí UNDP **chun cuntasacht an fheidhmeannais a mhéadú trí feabhas a chur ar an maoirseacht pharlaiminteach agus an maoirseacht neamhspléach.** Tá an tAontas agus na Ballstáit ag tacú le forbairt institiúideach agus forbairt acmhainne na Parlaiminte agus cuirfidh siad oiliúint ar fáil d'fheisirí nua-thofa trí UNDP. Cuireann an tAontas agus na Ballstáit freisin forbairt acmhainne ar fáil do chomhairleoirí cúigeacha baineanna.

Tá an tAontas agus na Ballstáit ag tacú le **forbairt acmhainne an rialachais fho-náisiúnta, ag díriú ar an éilliú a laghdú agus ar an gcuntasacht a mhéadú le go gcuirfear feabhas ar sholáthar seirbhísí agus ar riaradh buiséid** agus tá siad go gníomhach leis an idirphlé beartais leis an rialtas láir agus fo-náisiúnta maidir le hiarrachtaí athchóirithe. Tá an tAontas agus na Ballstáit ag tacú le forbairt institiúideach agus forbairt acmhainne an rialachais fho-náisiúnta lena n-áirítear ag tacú le cur chun feidhme, creata feabhsaithe dlí don rialachas fho-náisiúnta. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit le tacaíocht a thabhairt do struchtúir airgeadais thrédhearcacha ar an leibhéal fo-náisiúnta, lena n-áirítear feabhas a chur ar chur chun feidhme na bpróiseas cúigeach pleanála agus buiséid. Chun cuntasacht a mhéadú, beidh gá le struchtúir rialachais áitiúla a neartú, lena n-áirítear Comhairlí Cúigeacha agus Comhairlí Dúiche. Tá an tAontas agus na Ballstáit réidh chun tacú le toghcháin chomhairle cheantair má thionólfar iad in éineacht leis na toghcháin pharlaiminteacha.

Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit le brú a chur ar an rialtas chun iarrachtaí frith-éillithe na hAfganastáine a fheabhsú, lena n-áirítear trí fhíorú inchreidte sócmhainní ardoifigigh na hoifigigh, sócmhainní Kabul Bank a goideadh a aisghabháil, reachtaíocht fhrith-éillithe fhóna a rith, i gcomhréir le moltaí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). D'fhonn cuntasacht agus trédhearcacht a mhéadú, molfaidh an tAontas agus na Ballstáit forbairt agus cur chun feidhme mear straitéise cuimsithí i gcoinne éilliú rialtais agus tacóidh siad léi, ar straitéis í a bheidh dírithe ar chomhlachtaí frith-éillithe éifeachtacha, cumhachtaithe agus cuntasacha a bhunú, lena n-áirítear na príomh-gheallsealbhóirí uile ón rialtas, ón bparlaimint, ó na breithiúna, ó na meáin, agus ón tsochaí shibhialta.

Leanann an tAontas Eorpach agus na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt don ról atá ag na meáin agus ag an tsochaí sibhialta chun rialtas a choimeád cuntasach, go háirithe urraim ar chearta an duine agus ar an athchoiriú daonlathach a chur chun cinn. Tá tús curtha ag an Aontas le comhairliúchán leathan le breis is 120 eagraíocht na sochaí sibhialta (ESS) chun anailís a dhéanamh ar staid na sochaí sibhialta san Afganastáin, chun féinmheasúnú a dhéanamh agus chun cabhrú le tosaíochtaí a shainiú le haghaidh tacaíochta d'ESSanna amach anseo. Cuirfear na torthaí i láthair i dTreochlár an Aontais Eorpaigh don teagmháil leis an tsochaí sibhialta.

(c) Forbairt eacnamaíoch agus dhaonna a spreagadh

Cuspóir: Forbairt eacnamaíoch agus forbairt dhaonna a spreagadh lena n-áirítear creat trédhearcach eacnamaíochta a chruthú chun an infheistíocht a spreagadh, ioncaim a chruinniú, maoiniú a leithdháileadh, an athléimneacht a neartú agus feabhas a chur ar an rochtain ar shláinte mhaith agus oideachas, lena n-áirítear do na daoine is leochailí sa daonra;

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Afganastáin san fhorbairt dhaonna le 10 bliain anuas, ach chun noirm réigiúnacha a bhaint amach, beidh gá le dul chun cinn marthanach. Sa Mheasúnú Náisiúnta ar Riosca agus Leochaileacht cuimsitheach deireanach ó 2011-12 léiríodh feabhsuithe in oideachas, sláinte, rochtain ar uisce óil sábháilte agus comhionannas inscne, ach bhí marbhántacht i slándáil bia agus leibhéil na bochtaineachta. Sa suirbhé 2014 ar Dhálaí Maireachtála san Afganastáin (ALCS) léiríodh meath de réir tháscaire Spriocanna Forbartha na Milaoise maidir le comhionannas inscne ó thaobh deis oideachais de, i.e. bhí níos lú cailíní ag freastal ar an mbunoideachas i gcomparáid le 2011-12. Mar thoradh ar thacaíocht idirnáisiúnta, tá feabhas ag teacht ar shláinte an daonra agus ar an dul chun cinn chun Spriocanna Forbartha na Milaoise a bhaint amach, go háirithe i réimse sláinte máithreacha agus leanaí. Mar sin féin, tá míchothromaíochtaí sóisialta agus críochacha ann go fóill agus rochtain ar sheirbhísí sláinte á cinneadh.

Leanann fás marbhánta, géarchéim fhioscach, laghdú ioncaim agus éilliú den bhonn a bhaint de neamhspleáchas stát na hAfganastáine. An ghéarchéim fhioscach in 2014 a ba chúis le carnadh riaráistí agus riachtanais mhaoinithe eisceachtúla. Ag Comhdháil Londain, leag RNA amach an fhís 'Neamhspleáchas a Bhaint Amach' mar sprioc uileghabhálach an athchóirithe. Rinne RNA agus an comhphobal idirnáisiúnta athnuachan i Londain ar a dtiomantas do Chreat Thóiceo um Chuntasacht Fhrithpháirteach (TMAF) agus d'aontaigh siad é a athnuachan arís ag Cruinniú na nOifigeach Sinsearach atá le bheith ar siúl i gCabúl (fómhar 2015). In ainneoin comharthaí luatha a bhí dírithe ar dhul i ngleic leis an éilliú, amhail cás Banc Chabúl a athoscailt, tá bearta suntasacha fós le déanamh chun dlús a chur leis an bhfás eacnamaíoch, le forbairt na hearnála príobháidí agus le hioncam. Tá an t-ionchas fáis fós lag don bhliain 2015.

Leanann bainistiú airgeadais phoiblí na hAfganastáine fós de bheith ag fulaingt ó éilliú agus ó chórais laga, d'ainneoin sásra bainistithe airgeadais phoiblí a bheith aici a rangaíodh go réasúnta maith i 2013 i gcomparáid le Tíortha Íseal-ioncaim eile, arna fhionnadh ag an Innéacs Buiséadach Oscailte 2012 agus ag an tuarascáil measúnaithe PEFA 2013. Ag tús 2015, tá fígiúirí ioncaim feabhsaithe beagán, i gcomparáid leis an mbliain roimhe, ach níor bhain siad na spriocanna buiséadacha amach. I mí an Mhárta 2015, thángthas ar chomhaontú faoi chlár nua a ndéanfaidh foireann CAI faireachán air, lena n-áirítear céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar an staid ioncaim. Tá riosca ard fós ann go mbeidh géarchéim fhioscach arís ann in 2015.

Is í an talmhaíocht an fhoinsé fostaíochta do 80% den daonra. Bhí an fómhar talmhaíochta láidir don tríú bliain as a chéile in 2014. Ach bhí tionchar diúltach ag an gcomhthéacs fadtréimhseach polaitiúil agus slándála ar fheidhmíocht eacnamaíoch tuaithe, lena n-áirítear deiseanna fostaíochta do mhná, agus tháinig méadú ar spleáchas feirmeoirí leorchothaitheacha ar bharraí támhshuanacha. Bhí méadú láidir i dtáirgeadh óipiam in 2014.

Tacaíonn an tAontas Eorpach agus na Ballstáit leis an Afganastáin chun **méadú ar fhorbairt dhaonna a bhaint amach, lena n-áirítear do na daoine is leochailí sa daonra, go háirithe i dtaca le hoideachas agus sláinte**. Lean Ballstáit an Aontais de thacú leis an oideachas bunscoile agus meánscoile, leis na hinstitiúidí ardoideachais agus leis an ngairmoideachais agus leis an oideachas teicniúil, agus béim faoi leith á leagan ar oideachas na mban agus na gcailíní. Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leis an earnáil sláinte i leith feabhsuithe ar stádas sláinte an daonra i gcomhréir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Tá béim á leagan ar an rochtain ar sheirbhísí sláinte príomhúla d'ardcháilíocht, agus ar infhaighteacht na ngairmithe sláinte, go háirithe sna réimsí a bhaineann le cothú, sláinte mheabhrach, agus míchumas. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de bheith ag obair le deontóirí eile le haghaidh cur chuige don tsláinte atá níos comhtháite ar fud na hearnála. Tá an tAontas ag tacú fós leis an Measúnú Náisiúnta ar Riosca agus Leochaileacht chun gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt an duine a chinneadh san Afganastáin.

Le linn na géarchéime fiosaí in 2014 ghlac an tAontas agus na Ballstáit páirt in idirphlé beartais agus cúnamh teicniúil chun **bainistiú airgeadais phoiblí níos fearr** a bhaint amach agus treochlár nua maidir le bainistiú airgeadais phoiblí a fhorbairt lena ndírítear ar na hathchóirithe a leagan amach i réimsí amhail sláine agus cuntasacht fheabhsaithe, éifeachtacht caiteachais agus acmhainní daonna inbhuanaithe. Lean an tAontas agus na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt don chomhrac i gcoinne an éillithe a bheith príomhshruthaithe i ngach earnáil, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rialuithe inmheánacha agus seachtracha, measúnuithe maidir le leochaileacht ar éilliú a dhéanamh agus athchóirithe ar bhainistiú airgeadais phoiblí. Leanfaidh an tAontas agus na mBallstáit de bheith ag iarraidh go gcuirfear chun feidhme beartas buiséadach cúigeach a bhaineann le próiseas pleanála cúige. Leanann an tAontas agus na Ballstáit freisin de bheith ag tacú leis an obair a dhéanann an Coiste Comhphárteach Faireacháin agus Meastóireachta.

Tá an tAontas agus na Ballstáit tar éis dul i mbun plé beartais leis an sean-rialtas agus leis an rialtas nua araon chun tacaíocht a thabhairt **do fhéin-inbhuanaitheacht airgeadais níos láidre i stát na hAfganastáine, trí ghiniúint ioncaim mhéadaithe agus trí bhailiú cánach méadaithe.** Díríodh sa phlé ar ghníomhaíocht láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an staid fhioscach, lena n-áirítear bearta déine a chur chun feidhme agus an buiséad náisiúnta a ghlacadh do 2015, ina mbeidh ionchais ioncaim níos réadúla. Ghlac an tAontas agus na Ballstáit páirt freisin sa phlé leis an bParlaimint roimh ghlacadh an bhuiséid náisiúnta. I gcomhthéacs Chreat Comhfhreagrachta Tóiceo (TMAF), bhí an tAontas agus na Ballstáit ag obair le páirtithe eile sa chomhphobal idirnáisiúnta chun tacú le glacadh an dlí maidir le CBL, an dlí maidir le Mianadóireacht, aontachas le TTTE, an reachtaíocht i gCoinne Sciúradh Airgid agus maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac, agus bearta eile giniúna ioncaim. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit le brú a chur le go gcuirfí chun feidhme go gasta iad. Thairis sin, thug an tAontas agus na Ballstáit tacaíocht don chomhaontú nua maidir le clár ar a ndéantar foireann an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) faireachán, agus leanann siad le háitiú ar an rialtas na hathchóirithe atá molta ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) a chur chun feidhme agus cloí leis an mbealach ar a bhfuil siad. Lean an tAontas agus na Ballstáit le tacaíocht a thabhairt don Afganastáin maidir le comhtháthú i ngeilleagar an domhain, lena n-áirítear aontachas leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT).

Thug an tAontas agus na Ballstáit tacaíocht maidir le rochtain ar limistéir thuaithe, seirbhísí talmhaíochta, bainistiú comhtháite acmhainní uisce **atá dírithe ar an ngeilleagar tuaithe a threisiú chun níos mó post a chruthú agus chun spleáchas ar phoipíní a laghdú**, ar fheabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair bhia agus ar ioncam a ghiniúint. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit leis go gcuirfí chun cinn an t-idirphlé beartais chun dul i dtreo cur chuige talmhaíochta 'ar fud na hearnála', i gcomhréir le beartais náisiúnta.

(d) An smacht reachta agus cearta an duine a chaomhnú

Cuspóir: An smacht reachta agus urramú chearta an duine a chur chun cinn, trí urraim do chearta an duine a mholadh (lena n-áirítear go háirithe cur i bhfeidhm iomlán na coimirce reachtaí le haghaidh cearta na mban agus na gcailíní), trí thacú le tuilleadh comhionannais a thabhairt, faoin dlí, do na saoránaigh uile agus trí chabhrú le creat cuimsitheach a fhorbairt chun neart a chur le hearnáil an cheartais agus le hathchóiriú na hearnála sin.

Is cúis imní í staid chearta an duine san Afganastáin i gcónaí. In 2014, cuireadh in iúl i dtuarascálacha de chuid UNAMA líon as cuimse na dtaismigh shibhialtacha mar thoradh ar an gcoinbhleacht armtha atá ar siúl faoi láthair. Cuireadh pionós an bháis i gcrích i sé chás agus bhí cásanna de phionós mídhaonna trí lascadh poiblí ann freisin. Coireanna tromchúiseacha cogaidh i rith na mblianta cogai agus coinbhleachtaí armtha atá imithe tharainn, ní dhearnadh ionchúiseamh ina leith. Tuairiscíodh gur tharla céastóireacht i saoráidí coinneála agus go raibh cleachtais ghránna idirdhealaitheacha i gcoinne ban agus cailíní ar siúl, amhail cailíní a thabhairt chun siúil mar íocaíocht chun díospóidí a réiteach, póstaí éigeantais agus póstaí faoi aois go forleathan fós.

D'admhaigh RNA go leor de na saincheisteanna sin sa pháipéar maidir le Neamhspleáchas a Fhíorú agus chuir sé de cheangal air féin tacaíocht a thabhairt do chearta an duine agus do chearta na mban agus na leanaí go háirithe. I ndeireadh na bliana 2014, choinnigh Coimisiún Neamhspleách na hAfganastáine maidir le Cearta an Duine (AIHRC) a 'stádas A', tar éis na moltaí a rinne an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta a rinne an rialtas maidir le maoiniú do AIHRC a chur san áireamh sa bhuiséad náisiúnta. Tá an dlí maidir le Foréigean in aghaidh na mBan a Dhíothú (EVAW) fós i bhfeidhm. Ach tá cur chun feidhme an dlí maidir le EVAW fós ar chúil, agus torthaí éagsúla air ar fud na tíre. Tá obair fós ar siúl maidir le cinneadh chun forálacha peannaideacha EVAW a áireamh sa chóid peannaideach agus má dhéantar é, cén bhealach a ghlacfar ina leith. Tá dlí lena gcuirtear toirmeasc ar leanaí a earcú do ANDSF rite agus tá obair ar Acht na Leanaí fós ar siúl. An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) maidir le Mná, an tSiócháin agus an tSlándáil (Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe) lena ndírítear ar rannpháirtíocht na mban a neartú, ar chosaint na mban, ar fhoréigean i gcoinne na mban a chosc, agus ar rochtain na mban ar sheirbhísí faoisimh agus aisghabhála, táthar ag súil go seolfar é [i mí na Bealtaine 2015/sna míonna atá le teacht].

Tá éilliú agus easpa muiníne fós forleathan sa chóras reachtúil dlí. Tá fadhbanna tromchúiseacha fós ag mná, go háirithe, maidir le rochtain ar an gceartas. Dá bharr sin, leanann muintir na hAfganastáine ar aghaidh ag dul i muinín an chórais neamhfhoirmiúil ceartais. Tá easpa soláthróirí ceartais a bhfuil an cúlra iomchuí dlíthiúil acu agus atá ar an eolas faoi na dlíthe atá i bhfeidhm, agus is neamh-leordhóthanach i gcónaí an córas cúnaimh dhlíthiúil. Tá moill fós á cur ar an athchóiriú substainteach ceartais toisc nach ann do cheannaireacht pholaitiúil ná don chomhar in institiúidí earnáil an cheartais. Tá roinnt bearta tosaigh tábhachtacha déanta ag RNA maidir le haghaidh a thabhairt ar an riaráiste athchóirithe in earnáil an cheartais: cuireadh an Príomh-Bhreitheamh ar scor, athosclaíodh cás Bhanc Chabúl, cuireadh oifigigh ar cuireadh éilliú ina leith ar fionraí, agus tosaíodh ar athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí pearsanra ceartais. Tá an bealach á réiteach ag an dara Leas-Uachtarán ar mhaithe le plean athchóirithe ceartais a ullmhú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhealach níos comhleanúnaí ar an athchóiriú iomlán a dhéanfar ar an smacht reachta, lena n-áirítear bacainní ar an athchóiriú, an t-oideachas dlíthiúil agus an t-éilliú. Tá dlí lena rialófar an ceangal idir an ceartas neamhfhoirmiúil agus an ceartas foirmiúil á ullmhú.

Ón uair a cuireadh an ruaig ar réimeas an Talaban, tá méid suntasach bainte amach maidir leis an tsaoirse comhthionóil, an tsaoirse cainte agus saoirse na meán. Ach mar thoradh ar na hionsaithe foréigneacha a rinneadh le déanaí arís ar iriseoirí agus ar chosantóirí chearta an duine, tá féin-chinsireacht á cleachtadh go pointe áirithe anois. In 2014, tháinig méadú 60 % ar an bhforéigean i gcoinne iriseoirí agus maraíodh ochtar iriseoirí. Ach tá gealltanais tugtha ag an Uachtarán agus ag an bPríomh-Fheidhmeannach araon go gcosnófar na meáin.

Leanann an tAontas agus na Ballstáit de bheith ag tacú le **cearta an duine a chur chun cinn, go háirithe cearta na mban agus cearta an linbh**, agus leanann siad freisin d'aghaidh a thabhairt ar chásanna sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe maidir le gortú sibhialtaigh, pionós an bháis, cearta na mban agus cearta an linbh, trí idirphlé polaitiúil, tríd an abhcóideacht, trí ráitis poiblí agus trí *démarches*. D'aontaigh Rialtas na hAfganastáine Idirphlé áitiúil a dhéanamh leis an Aontas in 2015 maidir le Cearta an Duine. Comhordaíonn an tAontas agus na Ballstáit gníomhaíochtaí i ndáil le cearta an duine, go háirithe ó thaobh chur chun feidhme an dlí maidir le foréigean i gcoinne na mban a dhíothú (EVAW), maidir le tacaíocht theicniúil a thabhairt don rialtas i ndáil le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (NAP) 1325, agus maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta le haghaidh na mBan (NAPWA) a chur chun feidhme, agus freisin d'oibrigh siad chun a áirithiú gur choinnigh Coimisiún Neamhspleách na hAfganastáine maidir le Cearta an Duine (AIHRC) a stádas 'A'. Arís agus arís eile leag an tAontas agus na Ballstáit béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht na mban sna toghcháin agus sa saol polaitiúil agus eacnamaíoch i gcoitinne, go háirithe i bpoist cheannasacha rialtais. Bhí roinnt cruinnithe ag an Aontas agus ag na Ballstáit leis an rialtas d'fhonn an moratorium ar phionós an bháis a athbhunú. Is príomhdheontóirí i gcónaí iad an tAontas agus na Ballstáit, agus cearta an duine á dtacú acu trí chláir éagsúla an Aontais agus trí chláir lena maoinítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit le **comhpháirteanna uile earnáil an bhreithiúnais fhoirmiúil a chur ag obair le chéile ar bhealach a bheidh níos éifeachtaí, níos neamhspleáiche agus níos éifeachtúla, ar bhealach é seo lena laghdaítear an t-éilliú agus atá inrochtana, agus prionsabail an smachta reachta á n-urramú ar bhealach níos críonna**. Mar fhreagra ar iarrachtaí athbheoite ón rialtas, tá an tAontas agus na Ballstáit ag féachaint le caidreamh níos doimhne a chothú le hearnáil an cheartais a luaith a chuirfear straitéis fóna ar bun agus a cheapfar contrapháirtithe. Neartófar an tacaíocht a thugann an tAontas don athchóiriú ceartais trí oifig Ionadaí Speisialta AE (ISAE) a threisiú, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as gníomhaíochtaí Mhisean Póilíneachta AE (EUPOL) in earnáil an smachta reachta.

Toisc nár tugadh cás os comhair na cúirte i ndáil le coireanna tromchúiseacha a rinneadh le linn na gcogaí agus na gcoinbhleachtaí armtha a tharla le blianta beaga anuas, leanann an tAontas agus na Ballstáit **de mholadh go gcuirfí deireadh leis an gclao nadh atá ann gan phionós a ghearradh ar dhaoine i gcásanna coireanna tromchúiseacha cogaidh agus i gcásanna sárúithe ar chearta an duine**. Tharraing an tAontas agus na Ballstáit anuas an tsaincheist maidir leis an gceartas idirthréimhseach agus leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta le rialtas na hAfganastáine. Bíonn an tAontas agus na Ballstáit i dteagmháil i gcónaí le hoifigigh rialtais ar an leibhéal lárnach agus sna cúigí d'fhonn cur i gcoinne daoine a bheith ag dul saor ó phionós i gcásanna sonracha a bhaineann le cearta an duine. D'éiligh an tAontas agus na Ballstáit go ndaingneofaí an Coinbhinsiún i gcoinne Céasadh agus Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus go mbainfí na forchoimeádaí maidir leis an bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i gcoinne an Chéasta.

Leanann an tAontas agus na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt don Afganastáin **an ceart chun saoirse comhthionóil a choinneáil agus neart a chur leis an gceart saoirse cainte, lena n-áirítear trí thacú le hiriseoirí agus le cosantóirí chearta an duine.** Comhoibríonn an tAontas go dlúth leis an tsochaí shibhialta agus leis na meáin agus freisin leis an gCoiste um Shábháilteacht Iriseoirí. D'ullmhaigh an tAontas agus na Ballstáit Straitéis áitiúil de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Cosantóirí Chearta an Duine ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a bheartaítear chun cosantóirí chearta an duine a chosaint, lena n-áirítear trí idirphlé polaitiúil, trí fheasacht a mhúscailt, trí fhaireachán a dhéanamh ar thrialacha, agus trí athlonnú intíre agus seachtrach. Bíonn an tAontas agus na Ballstáit i ndlúthchomhar le Cosantóirí Chearta an Duine agus bíonn cruinnithe démhíosúla acu leo, agus bhunaigh siad meicníocht lena n-áirítheofar comhar tráthúil agus comhroinnt na ndualgas maidir le Cosantóirí Chearta an Duine a chosaint.

	Planned Commitments For Afghanistan (2015)																														
Action Plan Area	EC (EUR)	Austria	Belgium	Bulgaria	Croatia	Cyprus	Czech Rep.	Denmark	Estonia	Finland	France	Germany	Greece	Hungary	Ireland	Italy	Latvia	Lithuania	Luxembourg	Malta	Netherlands	Poland	Portugal	Romania	Slovakia	Slovenia	Spain	Sweden	UK	Total per Action Plan Area	
Promoting Peace, Security and Regional Stability																															
Peace and Reconciliation Process								402,107		1,650,000											4,999,999					50,000	3,013,530	1,592,780	13,779,949	25,448,366	
Cooperation between Afghanistan and its Neighbours	4,000,000									1,000,000		106,000						28,962												5,134,962	
Reintegration of Afghan Refugees								6,430,265		1,500,000		12,900,000				775,823					52,000									21,658,088	
Civilian Policing	91,000,000				447,000		226,701	16,075,662	315,000	8,300,000		80,000,000		44,571		48,000,000	130,000				15,575,203				40,050	576,857			100,660,000	361,391,044	
Reducing Organised Crime and Drug Production	2,000,000			27,500						750,000		140,000																	7,497,000	10,414,500	
Addressing Uncontrolled and Illegal Immigration								thc																						-	
TOTAL per EU Donor	97,000,000	-	-	27,500	447,000	-	226,701	22,908,034	315,000	13,200,000	-	93,146,000	-	44,571	-	48,775,823	130,000	28,962	-	-	20,587,202	-	-	-	40,050	576,857	50,000	3,013,530	1,592,780	121,936,949	424,046,959
Reinforcing Democracy																															
Electoral Architecture and Procedures								1,942,475				2,000,000									1,480,000				71,200			2,473,473		7,967,148	
Parliamentary Elections								Included in electoral architecture and																					14,000,000	14,000,000	
Accountability of the Executive	125,000,000							2,679,277				24,000,000																371,649		152,050,926	
Sub-National Governance										1,000,000		47,980,000				2,700,000												1,076,190	13,704,754	66,460,944	
TOTAL per EU Donor	125,000,000	-	-	-	-	-	-	4,621,752	-	1,000,000	-	73,980,000	-	-	-	2,700,000	-	-	-	-	1,480,000	-	-	-	71,200	-	-	-	3,921,312	27,704,754	240,479,018
Encouraging Economic and Human Development																															
Human Development (education, health)	43,000,000			61,000	40,000		659,743	19,424,759	366,452	6,550,000	11,000,000	61,586,000				7,100,000	15,000				26,211,627				217,865	30,000		26,453,075	22,890,000	225,605,521	
Public Financial Management							226,701	10,315,217																					12,502,416	23,044,334	
Financial Self-sustainability of the State (Revenue Generation)												11,450,000																		11,450,000	
Rural Economy							291,121	9,913,325		2,250,000	9,000,000	20,500,000				10,220,000					3,344,725						10,680,000	8,807,230	31,984,184	106,990,585	
Multiple Sectors (including ARTF, AITF)							447,673		500,000	5,000,000						6,792,000												28,519,200	164,080,000	205,338,873	
TOTAL per EU Donor	43,000,000	-	-	61,000	40,000	-	1,625,238	39,653,301	866,452	13,800,000	20,000,000	93,536,000	-	-	-	24,112,000	15,000	-	-	-	29,556,352	-	-	-	217,865	30,000	10,680,000	63,779,505	231,456,600	572,429,313	
Fostering Rule of Law and Respect for Human Rights (in particular Rights of Women and Children)																															
Human Rights	800,000							1,607,566		900,000		634,000				1,385,000					3,072,000							3,029,869	1,099,623	12,528,058	
Justice System										1,000,000		5,121,000									7,944,995							161,429	13,752,388	27,979,812	
End to impunity																														-	
Freedom of assembly and expression										100,000		583,500																		683,500	
TOTAL per EU Donor	800,000	-	-	-	-	-	-	1,607,566	-	2,000,000	-	6,338,500	-	-	-	1,385,000	-	-	-	-	11,016,995	-	-	-	-	-	-	-	3,191,298	14,852,011	41,191,370
Total per EU Donor	€265,800,000	€0	€0	€88,500	€487,000	€0	€1,851,939	€68,790,653	€1,181,452	€30,000,000	€20,000,000	€267,000,500	€0	€44,571	€0	€76,972,823	€145,000	€28,962	€0	€0	€62,640,549	€0	€0	€111,250	€794,722	€80,000	€13,693,530	€72,484,895	€395,950,314	€1,278,146,660	
	EC	Austria	Belgium	Bulgaria	Croatia	Cyprus	Czech Rep.	Denmark	Estonia	Finland	France	Germany	Greece	Hungary	Ireland	Italy	Latvia	Lithuania	Luxembourg	Malta	Netherlands	Poland	Portugal	Romania	Slovakia	Slovenia	Spain	Sweden	UK	Total	
Note: Humanitarian Assistance not included in the EU Strategy Indicative Data Matrix: DE: EUR 1,600,000; IT: EUR 1,000,000; LU: EUR 500,00; UK: EUR 27,159,997 Finland's commitments include humanitarian aid, around 10 % of the total assistance.																															

	Planned Commitments For Afghanistan (2016)																																
Action Plan Area	EC	Austria	Belgium	Bulgaria	Croatia	Cyprus	Czech Rep.	Denmark	Estonia	Finland	France	Germany	Greece	Hungary	Ireland	Italy	Latvia	Lithuania	Luxembourg	Malta	Netherlands	Poland	Portugal	Romania	Slovakia	Slovenia	Spain	Sweden	UK	Total per Action Plan Area			
Promoting Peace, Security and Regional Stability																																	
Peace and Reconciliation Process								535,855		1,600,000											4,834,999						50,000		1,592,780		8,613,634		
Cooperation between Afghanistan and its Neighbours																															-		
Reintegration of Afghan Refugees								6,430,265		2,000,000											52,000										8,482,265		
Civilian Policing						447,000		4,688,735		8,500,000											15,000,000					421,337					29,057,072		
Reducing Organised Crime and Drug Production																															-		
Adressing uncontrolled and illegal Immigration								tbc																							-		
TOTAL per EU Donor	-	-	-	-	-	447,000	-	11,654,855	-	12,100,000	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	19,886,999	-	-	-	-	421,337	50,000	-	1,592,780	-	46,152,971		
Reinforcing Democracy																																	
Electoral Architecture and Procedures	10,000,000							1,607,566																					349,763		11,957,329		
Parliamentary Elections								Under electoral Architecture and procedures																							-		
Accountability of the Executive	70,000,000							2,009,458																					371,649		72,381,107		
Sub-National Governance	10,000,000																												4,304,780		14,304,780		
TOTAL per EU Donor	90,000,000	-	-	-	-	-	-	3,617,024	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	5,026,192	-	98,643,216		
Encouraging Economic and Human Development																																	
Human Development (education, health)						40,000	433,042	15,070,934		7,500,000	11,000,000										22,435,614					300,000	30,000		22,842,775		79,652,365		
Public Financial Management								10,315,217																							10,315,217		
Financial Self-sustainability of the Afghan state (Revenue Generation)																															-		
Rural Economy	80,000,000						291,121	14,070,000		2,500,000	9,000,000																		4,276,100		110,137,221		
Multiple sectors (including ARTF)										5,600,000																			28,519,200		34,119,200		
TOTAL per EU Donor	80,000,000	-	-	-	-	40,000	724,163	39,456,151	-	15,600,000	20,000,000	-	-	-	-	-	-	-	-	-	22,435,614	-	-	-	-	300,000	30,000	-	55,638,075	-	234,224,003		
Fostering Rule of Law Respect for Human Rights																																	
Human Rights	900,000							1,607,566		700,000											2,999,500								2,414,283		8,621,349		
Justice System	30,000,000									1,500,000																			161,429		35,826,316		
End to Impunity																															-		
Freedom of assembly and expression										100,000																			637,112		737,112		
TOTAL per EU Donor	30,900,000	-	-	-	-	-	-	1,607,566	-	2,300,000	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	7,164,387	-	-	-	-	-	-	-	3,212,824	-	45,184,777		
Total per EU Donor	€200,900,000	€0	€0	€0	€487,000	€0	€724,163	€56,335,596	€0	€30,000,000	€20,000,000	€0	€0	€0	€0	€0	€0	€0	€0	€0	€49,487,000	€0	€0	€0	€80,000	€0	€65,469,871	€0	€424,204,967				
	EC	Austria	Belgium	Bulgaria	Croatia	Cyprus	Czech Rep.	Denmark	Estonia	Finland	France	Germany	Greece	Hungary	Ireland	Italy	Latvia	Lithuania	Luxembourg	Malta	Netherlands	Poland	Portugal	Romania	Slovakia	Slovenia	Spain	Sweden	UK	Total			
Finland's commitments include humanitarian aid, around 10 % of the total assistance.																																	

Finland's commitments include humanitarian aid, around 10 % of the total assistance.